

**AN BORD ACHOMHAIRC
UM CHEADÚNAIS
DOBHARSHAOTHRAITHE**



**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
2012**

AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

CLÁR ÁBHAR

LEATHANACH

| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh chuig an Aire | 3 |
| Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta | 4 |
| Bunú an Bhoird | 5 |
| Feidhm / Stádas | 5 |
| Ballraíocht an Bhoird | 5 |
| Comhdhéanamh an Bhoird | 6 |
| Freagrachtaí | 6 |
| Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí | 7 |
| Rúnaíocht | 7 |
| Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2012 | 7 |
| Achomhairc a Fuarthas in 2012 | 7 |
| Athbhreithniú Breithiúnach | 7 |
| Achoimre ar Chinntiúcháin | 7 |

RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH
chuig an
AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

Is deas liom an Ráiteas a chur san áireamh i gcúigiú tuarascáil bhliantúil déag an Bhoird.

Bhí naoi gcruinniú ag an mBord in 2012:

| Comhalta Boird | Líon na gCruinnithe Freastalaithe |
|---|--|
| An tUasal Mark O'Connell | 9/9 |
| An tUasal Mario Minehane, Leas-Chathaoirleach | 8/9 |
| An tUasal Lorcán Ó Cinnéide | 8/9 |
| An tUasal Seán Murphy | 9/9 |
| An tUasal Michael Sweeney | 3/4 (i dteideal freastal ar 4 chruinniú) |
| An tUasal Brendan Brice | 8/9 |
| An tUasal Camilla Keane | 4/6 (i dteideal freastal ar 6 chruinniú) |

Fuair an Bord cúig achomharc i rith 2012. Bhain gach ceann de na cúig achomharc le cinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú do dhiúilicíní a shaothrú ar an suíomh T05/503A ar an urthrá i mBá Dhún Mánais, Contae Chorcaí.

I dtaca le riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, dearbhaím go leantar i gcónaí le gach nós imeachta cuí a bhaineann le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach, taisteal, soláthar agus diúscairt sócmhainní. Aithním go bhfuil an Bord freagrach as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais de chuid ALAB mar a thagraítear dó in Alt 13 den Chód Cleachtais. De bhreis air sin, mar a iarrtar faoi Alt 12.1 den Chód Cleachtais, dearbhaím go bhfuil an Bord ag cloí lena oibleagáidí ar fad faoi na dlíthe cánach.

Tá fochoiste amháin ag an mBord – an Fochoiste Iniúcháireachta Inmheánaí – agus is mian liom mo mheas ar obair an Choiste seo a léiriú.

Tugaim aitheantas d'obair chomhaltaí an Bhoird, do Rúnaí an Bhoird, do Chomhairleoirí Teicniúla an Bhoird agus dóibh sin ar fad a chuir aon seirbhísí eile ar fáil don Bhord agus gabhaim buíochas leo ar fad (daoine a bhí ann agus daoine atá fós ann) as a gcuid seirbhíse i rith na bliana

pp Brendan Brice (Comhalta Boird)

Mark O'Connell
Cathaoirleach

CATHAOIRLEACH:

An tUasal Mark O'Connell

GNÁTHCHOMHALTAÍ:

An tUasal Seán Murphy

An tUasal Mario Minehane

An tUasal Lorcán Ó Cinnéide

An tUasal Michael Sweeney

An tUasal Brendan Brice

An tUasal Camilla Keane

RÚNAÍ:

An tUasal Lynda O'Regan

(d'éirigh sí as i bhFeabhra 2012)

An tUasal Dymphna Keogh

(ceaptha i bhFeabhra 2012)

SEOLADH NA HOIFIGE:

Cúirt Choill Mhinsin

Bóthar Bhaile Átha Cliath

Port Laoise

Contae Laoise

INIÚCHÓIRÍ:

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Foirgneamh an Chisteáin

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2.

GUTHÁN:

+353 (0) 57 866 7857

SEOLADH GRÉASÁIN:

www.alab.ie

SEOLADH RÍOMHPHOIST:

info@alab.ie

AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

Seo a leanas roinnt faisnéis ghinearálta faoin mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Ach é sin ráite, chun íomhá iomlán a chruthú den dóigh a n-oibríonn an próiseas achomhairc, mar aon leis an gcóras um cheadúnú dobharshaothraithe, ní mór tagairt a dhéanamh, i measc rudaí eile, don Acht lascaigh (Leasú), 1997 (arna leasú), an Bille lascaigh agus Imeall Trá (Leasú), 1998, na Rialacháin um Dhobharshaothrú (Iarratas ar Cheadúnas), 1998 agus an tAcht lascaigh (Leasú), 2001.

BUNÚ AN BHOIRD

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 de Acht lascaigh (Leasú), 1997. Tá comhaltaí an Bhoird ar fad fostaithe ar bhonn páirtaimseartha.

FEIDHM

Feidhmíonn an Bord faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is í feidhm an Bhoird ná údarás neamhspleách a chur ar fáil i dtaca le cinneadh a dhéanamh ar achomhairc i gcoinne chinntí an Aire chuí i dtaca le hiarratais ar cheadúnais dobharshaothraithe. Má bhíonn duine míshásta le cinneadh an Aire faoi iarratas ar cheadúnas dobharshaothraithe, nó faoi chúlghairm nó leasú ar cheadúnas dobharshaothraithe, is ceadmhach don té sin achomharc a dhéanamh laistigh d'aon mhí amháin dá fhoilsiú (i gcás cinnidh) nó dá fhógairt (i gcás cúlghairme nó leasú).

STÁDAS

Comhlacht neamhspleách is ea an Bord a bhfuil a mhaoiniú féin aige a chuireann an tOireachtas ar fáil faoi Alt 36 den Acht.

BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Faoi mar a fhoráiltear faoi Alt 23 den Acht lascaigh (Leasú), 1997, tá Cathaoirleach ar an mBord agus seisear comhaltaí eile. Abhcóide cleachtach is ea an Cathaoirleach, Mark O'Connell, a cheap an Rialtas do théarma 5 bliana, le héifeacht ón 27 Samhain 2008.

Tá an tUasal Mario Minehane, an tUasal Seán Murphy agus an tUasal Lorcán Ó Cinnéide ar an mBord ón 4 Nollaig 2003 i leith. I mí na Nollag 2004, d'fhógair an tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Mara a n-athcheapachán, ar feadh tréimhse trí bliana, le héifeacht ón 1 Eanáir 2005. Rinne an tAire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia iad a athcheapadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2008 ar feadh tréimhse bhreise trí bliana agus athcheapadh arís iad an 1 Eanáir 2011 ar feadh tréimhse dhá bhliain.

Cheap an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Brendan Smith, T.D., an tUasal Michael Sweeney ar feadh tréimhse trí bliana ón 13 Iúil 2009 go dtí an 12 Iúil 2012. An 9 Samhain 2011, cheap an tUasal Simon Coveney, T.D., an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Brendan Brice ar feadh tréimhse trí bliana. Ceapadh an tUasal Camilla Keane leis an mBord an 23 Feabhra 2012 agus chuaigh sí ar scor ón mBord an 2 Deireadh Fómhair 2012.

COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

De réir *Alt 23(3)* den Acht, rinne an tAire Mara agus Acmhainní Nádurtha rialacháin ina bhforordaítear go ndéanann dhá eagraíocht, ar a laghad, ionadaíocht do na grúpálacha seo a leanas:

- (a) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le cur chun cinn fhorbairt an dobharshaothraithe nó a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a thugann faoi ghnó i bhforbairt an dobharshaothraithe;
- (b) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le caomhnú, forbairt nó cosaint na n-iascach fiáin;
- (c) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil a ngairmeacha nó a slite beatha bainteach le pleanáil nó forbairt fhisiciúil;
- (d) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cosaint agus caomhnú na timpeallachta agus conláistí;
- (e) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbartha geilleagraí i gcoitinne agus
- (f) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbairt pobail.

FREAGRACHTAÍ

Níl sa mhéid seo a leanas ach achoimre ar phríomhfhreagrachtaí agus ar phríomhchumhachtaí an Bhoird. Déan tagairt, le do thoil, don Acht Iascaigh (Leasú), 1997, arna leasú, chun teacht ar fhorálacha iomlána na n-alt.

Faoi *Alt 40(4)* den Acht, nuair a fhaigheann an Bord achomharc agus ar choinníoll nach n-aistarraingítear é, is féidir leis an mBord é a bhreithniú tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- (a) cinneadh nó gníomh an Aire a dheimhniú
- (b) cinneadh a dhéanamh faoin iarratas ar an gceadúnas amhail go ndearnadh an t-iarratas chuig an mBord sa chéad áit nó
- (c) i dtaca le ceadúnais a chúlghairm nó a leasú, cinneadh an Aire a chur in ionad a chinnidh féin sa cheist;

Faoi *Alt 43 agus 44* den Acht, caithfidh an Bord cóip den fhógra achomhairc a chur faoi bhráid an Aire agus gach páirtí san achomhairc;

Faoi *Alt 46* den Acht, is féidir leis an mBord aighneachtaí nó tuairimí a lorg ó pháirtithe nó ó dhaoine eile a bhfuil aighneachtaí nó tuairimí tugtha don Bhord acu cheana féin i dtaca le hachomharc, más é tuairim an Bhoird, agus faoi na cúinsí seo, go bhfuil sé ar leas an chirt sin a dhéanamh;

Faoi A/t 47 den Acht, is féidir leis an mBord iarratas a dhéanamh ar cháipéisí, sonraí nó aon fhaisnéis eile a mheasann sé a bheith riachtanach d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoin achomharc;

Faoi A/t 49 den Acht, is féidir leis an mBord, faoina rogha iomlán féin, éisteacht ó bhéal a chur ar siúl i dtaca le hachomharc;

Faoi A/t 56 den Acht, caithfidh an Bord a chinntiú go ndéileálfar le hachomhairc agus go ndéanfar cinneadh fúthu gan mhoill agus go ndéanfar gach iarracht moill nach bhfuil gá léi a sheachaint.

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ

Faoi A/t 35 den Acht, is ceadmhach don Bhord aon sainchomhairleoirí nó aon chomhairleoirí a fhostú a mheasann sé a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chur i gcrích. Íocann an Bord as aon táillí a bhíonn ag dul don té sin as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. Le héifeacht ón 2 Meán Fómhair 2008 i leith, tá Comhairleoir Teicniúil fostaithe ag an mBord agus leanfar den fhostaíocht nuair is gá.

I gcaitheamh 2012, d'fhostaigh an Bord seirbhísí RPS Consulting Ltd chun cabhrú leo chun breithniú a dhéanamh ar achomhairc a fuarthas i bhFeabhra 2012.

RÚNAÍOCHT

Faoi A/t 32 den Acht, feidhmeoidh oifigeach de chuid an Aire, a bheidh ina státseirbhíseach bunaithe agus a bheidh ar iasacht leis an mBord chuige sin, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, mar Rúnaí don Bhord. Ceapadh Rúnaí sealadach páirtaimseartha don bhliain 2012 mar seo a leanas:

An tUasal Lynda O'Regan (d'éirigh sí as an 6 Feabhra 2012)
An tUasal Dymphna Keogh (ceaptha an 6 Feabhra 2012).

GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN BHOIRD IN 2012

ACHOMHAIRC A FUARTHAS

Fuair an Bord cúig achomharc i rith 2012 i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, lascaigh agus Bia chun Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú do dhiúilicíní a shaothrú ar an suíomh T05/503A ar an gcladach i mBá Dhún Mánaí, Contae Chorcaí.

ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

I gcomhréir le hAlt 73 den Acht lascaigh (Leasú), 1997, is ceadmhach do dhuine iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an Bhoird trí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ach sin a bheith déanta laistigh de thréimhse trí mhí a thosóidh ar an dáta a rinneadh an cinneadh

Níor cuireadh tús le haon Athbhreithnithe Breithiúnacha agus ní raibh aon chinn ar bun i rith 2012.

ACHOIMRE AR CHINNTIÚCHÁIN

Rinne an Bord dhá chinneadh in 2012. An 24 Meán Fómhair 2012, chinn an Bord chun an ceadúnas a dhiúltú a dheonaigh an tAire chun diúilicíní a shaothrú ar an suíomh T05/503A ar an gcladach i mBá Dhún Mánaí, Contae Corcaigh. An 31 Deireadh Fómhair 2012, sheas an Bord le

cinneadh an Aire chun leasú sealadach d'fhad dhá bhliain a dheonú do Silver King Seafoods Ltd i dtaca le Ceadúnas Dobharshaothraithe AQ 199 chun bradáin a shaothrú ar Oileán Dhuínse, i gCuan Bhaile an Sceilg, Contae Chiarraí.

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

| Clár Abhar | Leathanach |
|---|------------|
| Comhaltaí an Bhoird agus Faisnéis Ghinearálta | 1 |
| An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 2 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais | 3 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste | 4 |
| An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta | 5 |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 6 |
| An Clár Comhardaithe | 7 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 8-10 |

An Bord um Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 Comhaltaí Boird

agus Faisnéis Ghinearálta

Comhaltaí Boird:

An tUasal Mark O'Connell (Cathaoirleach-D'éag téarma a oifige an 26 Samhain 2013)
An tUasal Mario Minehane
An tUasal Seán Murphy
An tUasal Lorcán Ó Cinnéide
An tUasal Camilla Keane (ceaptha an 13 Feabhra 2012, d'éirigh sé as an 2 Deireadh Fómhair 2012)
An tUasal Michael Sweeney (d'éirigh sé as an 12 Iúil 2012, athcheapadh é an 1 Eanáir 2013)
An tUasal Brendan Brice

Rúnaí:

An tUasal Lynda O'Regan (d'éirigh sí as an 7 Feabhra 2012)
An tUasal Dymphna Keogh (ceaptha an 7 Feabhra 2012)

Seoladh Gnó:

Cúirt Choill Mhinsin Bóthar Bhaile Átha Cliath Port Laoise
Contae Laoise

Cuntasóirí:

Anne Brady McQuillans DFK Cúirt Uíbh Eachach Bóthar
Fhearchair Baile Átha Cliath 2

Banc Aontas Éireann 100 Sráid Grafton Baile Átha Cliath 2

Baincéirí:

Aturnaetha Maxwell 19 Plás Hoirbeaird Baile Átha Cliath 2

Aturnaetha:

Aturnaetha Maxwell
19 Plás Hoirbeaird
Baile Átha Cliath 2

An Bord um Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

An Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Ceanglaíonn Alt 37 (1) den Acht den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, ar an mBord gach cuntas cuí agus gnách a choinneáil ar gach airgeadas a fhaigheann sé nó a chaitheann sé, cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe san áireamh.


Agus na ráitis siúd airgeadais á réiteach, ceanglaítear an méid a leanas ar an mBord:


- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú, agus
- na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach mura cuí a mheasgo leanfaidh an Bord i mbun gnó.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an tAcht agus na caighdeáin chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn. Tá an Bord freagrach, chomh maith, as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh, dá bhrí sin, chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

| | |
|------------------------|----------------------|
| On behalf of the Board | Thar ceann an Bhoird |
| Board Member | Comhalta Boird |

On behalf of the Board


Michael Sweeney
Board Member
26/12/2013


Dymphna Keogh
Rúnaí leis an mBord

An Bord um Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Thar cheann an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, aithnímid ár bhfreagracht as a chinntiú go gcoimeádtar agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais san Oifig. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta go cuí agus go gcuirtear iad i dtaifead i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad go tráthúil.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Ghlac an Bord bearta lena chinntiú go bhfuil timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm, tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- Freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint.
- Cultúr freagrachta a fhorbairt ar fud gach leibhéil den eagraíocht.
- Gnóthas seachtrach cuntasóirí a cheapadh chun doiciméadú a dhéanamh ar na córais rialaithe inmheánaigh agus chun moltaí a dhéanamh faoi fheabhsú an chórais.
- Seachas na táillí dlíthiúla agus gairmiúla, caitear an chuid is mó de chaiteachas an Bhoird ar thuarastail foirne, ar luach saothair chomhaltaí an Bhoird agus ar thaisteal agus cothabháil. Íocann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tuarastal an chomhalta foirne atá ar iasacht agus faigheann siadsan aisíocaíocht ó leithdháileadh an Bhoird. Tá gnóthas seachtrach cuntasaíochta fostaithe ag an mBord chun déileáil le luach saothair chomhaltaí an Bhoird.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis bhainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus córas tarmagain agus cuntasaíochta. Go háirithe san áireamh tá:


- Athbhreithniú rialta ag an mBord ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais. Má thagann fadhb aníos, is féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh ar an ngníomh ceartaithe a theastaíonn ansin.
- Cruinnithe rialta an Bhoird.


Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh i dtaca leis an mbliain 2012.

| | |
|------------------------|----------------------|
| On behalf of the Board | Thar ceann an Bhoird |
| Board Member | Comhalta Boird |
| Secretary to the Board | Rúnaí leis an mBord |

On behalf of the Board


Michael Sweeney
Board Member


Dymphna Keogh
Secretary to the Board



An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 faoin Acht Iascaigh (Leasú), 1997. San áireamh sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi réir na mbeartas cuntasáíochta atá leagtha amach san Acht, tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasáíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, agus na Nótaí Gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a forordaíodh faoi alt 37 den Acht agus i gcomhréir le cleachtas cuntasáíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Freagrachtaí Chomhaltáí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, lena chinntiú go dtugtar léiriú fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus le rialtacht idirbheartaíochtaí a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Táimse freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí infheidhme.

Tugaimse faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na breithniúcháin speisialta lena mbaineann comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus lena n-oibriú.

Tugaimse faoi m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an RA agus Éire) mar aon le Caighdeáin Eitice an Bhoird Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí a chomhlíonadh.

Scóip iniúchadh na ráiteas airgeadais

- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi shuimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ar leor iad lena chinntiú go réasúnta nach ann d'aon mhíráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid is cúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar an méid a leanas:

- cibé acu an cuí nach cuí do na beartais chuntasáíochta do chúinsí an Bhoird, agus cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus cibé acu ar nochtadh nó nár nochtadh iad go cuí
- réasúntacht na mórmheastachán cuntasáíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus

Ina theannta sin, tugaim faoi fhianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcúrsa an iniúchta.

Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais seasamh fíor agus cóir ar staid ghnóthaí an Bhoird amhail an 31 Nollaig 2012 agus ar a chuid ioncaim agus caiteachais don bhliain 2012, a ullmhaíodh i gceart de réir an chleachtais chuntasáíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn.

Is í mo thuairim gur choimeád an Bord leabhair chuí chuntasáíochta. Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a dtuairiscím trí eisceacht

Déanaim tuairisciú trí eisceacht sna cásanna a leanas:

- Mura bhfuair mé an uile fhaisnéis agus mhíniúchán a theastaigh uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- thug mé aon chás ábhartha faoi deara i m'iniúchadh nár caitheadh airgead chun a gcríoch beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbheartaíochtaí i gcomhréir leis na húdaráis a bhí á rialú, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais comhlíonadh an Bhoird an Chóid Iompair um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- Tugaim faoi deara gurb ann d'ábhair eile lena mbaineann an bealach a tugadh faoi ghnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair sin a dhéantar a thuairisciú trí eisceacht.

[Translator's Note: 'Andrew Harkness' and 'For and on behalf of the' below is included in the translation below]

Andrew Harkness

For and on behalf of the

Andrew Harkness

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste an 23 Nollaig 2013

An Bord um Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

An Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1 Ginearálta

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 de Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Déileáilann an Bord le hachomhairc i gcoinne chinntí an Aire i dtaca le ceadúnais dobharshaothraithe.

2 Bonn an Réitigh

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas sna cásanna a thugtar le fios thíos, agus de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais, a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta, de réir mar a bhíonn siad infheidhme.

3 Ioncam

Aithnítear na Táillí Achomhairc ar bhonn fáiltas sna Ráitis Airgeadais.

Léiríonn ioncam ó Dheontais an Oireachtais na fáiltas airgid a fuarthas sa tréimhse sin ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus íocaíochtaí sa bhliain a rinne an Roinn i dtaca leis an bhfoireann a bhí faighte ar iasacht ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe.

4 Árachas

Cumhdaíonn an polasaí reatha árachais na nithe seo a leanas:

- Tráchtáil (dlíteanas fostóra, dlíteanas táirge agus dlíteanas poiblí)
- Taisteal (taisteal agus gortú)
- Dlíteanas Stiúrthóirí agus Oifigeach

5 Fostaithe agus Aoisliúntas

Tá Rúnaí an Bhoird ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Forchúitítear tuarastal an Rúnaí don bhliain ón Roinn Ábhartha.

6 Athbhreithniú Breithiúnach

Foráiltear faoi Alt 73 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 d'íarratais ar athbhreithniú breithiúnach i dtaca le cinntí an Bhoird. Tugann an Bord cuntas ar na himeachtaí sin faoin gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis.

7 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímhéas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas nó ar a luacháil stairiúil lúide dímhéas carnach. Gearrtar dímhéas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn líne dhíreach, ar na rátaí a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, atá coigeartaithe ar mhaithe le luach iarmharach, thar a saolré ionchasach úsáide.

Trealamh Ríomhaire: 33 1/3%

Trealamh Oifige: 33 1/3%

8 An Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críocha caipitiúla.

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

An


Cuntas Ioncaim agus Caiteachais


| | Nótaí | 2012 € | 2011 € |
|---|-------|---------------|----------------|
| Ioncam | | | |
| Deontais an Oireachtais | 1 | 132,378 | 62,912 |
| Táillí Achomhairc | | 1,297 | 609 |
| | | <hr/> 133,675 | <hr/> 63,521 |
| Aistriú ón gCuntas Caipitiúil | 9 | - | - |
| Ioncam Iomlán | | 133,675 | 63,521 |
| Caiteachas | | | |
| Pánna agus tuarastail | 2 | 68,485 | 49,552 |
| Riarachán | 3 | 46,713 | 34,294 |
| Dímheas | 4 | - | - |
| Caiteachas Iomlán | | 115,198 | 83,846 |
| Barrachas/(Easnamh) don tréimhse | | <hr/> 18,477 | <hr/> (20,325) |

Baineann na torthaí don tréimhse le hoibríochtaí leanúnacha.

Cruthaíonn na nótaí ar leathanaigh 8 go dtí 10 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird


Michael Sweeney
Comhalta Boird


Dymphna Keogh
Rúnaí leis an mBord

An Bord um Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012


An Clár

Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

| | Nótaí | 2012 € | 2011 € |
|-------------------------------------|-------|-----------|-----------|
| Sócmhainní Seasta | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 4 | - | - |
| Sócmhainní Reatha | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 5 | 142 | 3,913 |
| An Banc agus Airgead Tirim | | 13,177 | |
| | | 13,319 | 3,913 |
| Dliteanais Reatha | | | |
| An Banc agus Airgead Tirim | 6 | - | 52 |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | 7 | 19,416 | 28,435 |
| | | 19,416 | 28,487 |
| Glanlditeanais Reatha | | (6,097) | (24,574) |
| Glandliteanais | | (6,097) | (24,574) |
| Maoinithe ag: | | | |
| An Cuntas Caipitil | 9 | - | - |
| An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | 8 | (6,097) | (24,574) |
| | | (6,097) | (24,574) |

Cruthaíonn na nótaí ar leathanaigh 8 go dtí 10 cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird


Michael Sweeney
Board Member

Dymphna Keogh
Rúnaí leis an mBord

Board Member =
Comhalta Boird

An Bord um Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | | |
|--|-----------|-----------|
| 1 Tarraingt Anuas Ioncam Dheontas an Oireachtais | 2012 € | 2011 € |
| Ioncam Dheontas an Oireachtais | 132,378 | 62,912 |
| Táillí Achomhairc | 1,297 | 609 |
| | 133,675 | 63,521 |

D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia tuarastal an Rúnaí go díreach agus asbhaineadh costais an tuarastail ó tharraingt anuas an deontais.

| 2 Pánna agus Tuarastail | 2012 € | 2011 € |
|-------------------------|-----------|-----------|
| Tuarastal an rúnaí | 27,878 | 12,912 |
| Táillí Boird | 40,607 | 34,414 |
| ÁSPC Fostóra | - | 2,226 |
| | 68,485 | 49,552 |

Tá Rúnaí an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus ní raibh aon luach saothair, díolaíochtaí ná costais bhreise á bhfáil aici i dtaca lena ról mar Rúnaí don Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia gach luach saothair agus díolaíocht agus d'asbhain siad gach costas ábhartha as a tuarastal, an tobhach pinsin san áireamh.

Níor asbhaineadh aon tobhach pinsin ó na comhaltaí Boird in 2012 mar go raibh a luach saothair faoi bhun na dtairseach ábhartha.

Fuair na comhaltaí Boird na táillí agus costais taistil agus chothabhála seo a leanas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012:

| | Táillí € | Taisteal agus Cothabháil € |
|--|-------------|----------------------------------|
| An tUasal Camilla Keane | 3,614 | 273 |
| An tUasal Mario Minehane | 5,985 | 3,709 |
| An tUasal Seán Murphy | 5,985 | 1,791 |
| An tUasal Lorcán Ó Cinnéide | 5,985 | 2,705 |
| An tUasal Mark O'Connell (Cathaoirleach) | 8,979 | 1,017 |
| An tUasal Michael Sweeney | 3,200 | - |
| An tUasal Brendan Brice | 6,860 | 1,765 |
| | 40,607 | 11,260 |

| 3 Costais Riaracháin | 2012 € | 2011 € |
|--|-----------|-----------|
| Taisteal agus cothabháil | 11,606 | 6,676 |
| Soláthairtí oifige agus trealamh ríomhaire | 485 | 44 |
| Arachas | 3,186 | 2,780 |
| Glantachán | - | 78 |
| Deisiúcháin, cothabháil agus slándáil | 2,100 | 6,029 |
| Guthán | 1,239 | 2,079 |
| Táillí dlíthiúla agus gairmithe | 22,910 | 6,090 |
| Táillí gairmiúla eile | - | 831 |
| Costais chuntasafachta agus phárolla | 9,052 | 5,158 |
| Táillí iniúchta | 3,900 | 4,136 |
| Táillí bainc | 113 | 96 |
| Foilseacháin | (7,971) | - |
| Postas | 93 | 297 |
| | 46,713 | 34,294 |

Rinneadh comhaontú ar an bhfabhrú d'fhoilsiú na tuarascála bliantúla a bhaint ó na cuntais. Níl aon fhihiúr diúltach le sonrú le haghaidh foilseachán dá bharr.

Thug na cuntasóirí faoi athbhreithniú ar rialuithe Inmheánacha in 2012. Is é seo údar an mhéadaithe ar chostais.

An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe
Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

Ráitis
Nótaí leis na Ráitis

Airgeadais

| 4 Sócmhainní Seasta | Trealamh Riomhaire € | Trealamh Oifige € | Iomlán € |
|---|----------------------------|-------------------------|-------------------|
| Costas amhail an 1 Eanáir 2012 | 69,379 | 37,811 | 107,190 |
| Breisiúcháin | - | - | - |
| | <u>69,379</u> | <u>37,811</u> | <u>107,190</u> |
| Dímheas carnach amhail an 1 Eanáir 2012 | 69,379 | 37,811 | 107,190 |
| Muirear dímheasa don bhliain | - | - | - |
| | <u>69,379</u> | <u>37,811</u> | <u>107,190</u> |
| Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig 2012 | - | - | - |
| Glanluach leabhar amhail an 31 Nollaig 2011 | - | - | - |
| 5 Féichiúnaithe | | 2012 € | 2011 € |
| Réamhiocaíochtaí | | 142 | 3,913 |
| | | <u>142</u> | <u>3,913</u> |
| 6 An banc agus airgead tirim | | 2012 € | 2011 € |
| Cuntas reatha | | 13,166 | (63) |
| Mionairgead | | 11 | 11 |
| | | <u>13,177</u> | <u>(52)</u> |
| 7 Creidiúnaithe | | 2012 € | 2011 € |
| Creidiúnaithe | | 3,989 | . |
| Fabhruithe | | 11,671 | 24,547 |
| ÍMAT/ÁSPC inioctha | | 3,356 | 3,888 |
| PSWT inioctha | | 400 | - |
| | | <u>19,416</u> | <u>28,435</u> |

An Bord um Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

Ráitis Airgeadais don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012

| 8 An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | |
|--|---------------------------------|-----------------|
| | 2012 € | 2011 € |
| Iarmhéid tugtha anonn an 1 Eanáir 2012 | (24,574) | (4,249) |
| Barrachas / (Easnamh) don tréimhse | <u>18,477</u> | <u>(20,325)</u> |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012 | (6,097) | (24,574) |

9 An Cuntas Caipitil

Aistriú (chuig) / ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:

Cistú a leithdháileadh chun sócmhainní seasta a fháil -

Méid atá amúchta ar aon dul le dímhéas -

Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2012 -

10 Nóta faoin Aitreabh

Tá foirgneamh á áitiú ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ag Cúirt Choill Mhinsin, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Contae Laoise. Is í an Oifig Achomhairc Talmhaíochta an príomhthionónta atá san foirgneamh. Ní raibh aon chíos, rátaí ná táille seirbhíse gaolmhara dlíte ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe in 2012.

11 Leas Chomhaltaí an Bhoird

D'iontráil an Bord conradh aonuaire an 26 Meán Fómhair 2011 le RPS Consulting Engineers chun comhairle theicniúil a sholáthar i dtaca le hachomhairc áirithe amháin. In 2012 a tabhaíodh na costais ar fad a bhain leis an gconradh.

An 9 Samhain 2011, cheap an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara an tUasal Brendan Rice, fostaí de chuid RPS Consulting Engineers, ina chomhalta ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe.

Ghlac an Bord le nósanna imeachta a bhí de réir na dtreoirínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh leasa ag Comhaltaí an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

12/03/2013

12 Faomhadh Ráitis Airgeadais

D'athbhreithnigh an Bord na ráitis airgeadais an